Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 2 Feabhra 2024
(OR. en)

6011/24

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2020/0126(APP)**

EJUSTICE 6
JURINFO 1
JAI 162
INF 28
JUR 66

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 2)/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 11529/1/22 REV 1, 11750/1/22 REV 1 |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 9159/20 |
| Ábhar: | Togra le haghaidh Rialachán ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 216/2013 maidir le foilsiú leictreonach *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*<br>- Glacadh |

## I. RÉAMHRÁ

1. An 22 Meitheamh 2020, chuir an Coimisiún togra faoi bhráid na Comhairle le haghaidh Rialachán ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 216/2013 maidir le foilsiú leictreonach *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

2. Is é is cuspóir don togra cead a thabhairt d'Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh

   (a) an beart is gá a dhéanamh chun a áirithiú go mbeidh rochtain ar an Iris Oifigiúil i gcónaí, fiú i gcás ina gcuirtear isteach ar an tseirbhís, agus

(b) sonraí a fhoilsítear san Iris Oifigiúil a bhaint, i gcomhréir le cinneadh ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh nó le gníomhartha dlí de chuid an Aontais maidir le cosaint sonraí, agus prionsabail na barántúlachta, na sláine agus neamh-inathraitheacht a hinneachair á n-urramú ag an am céanna.

3. Tá an togra bunaithe ar Airteagal 352 CFAE lena gceanglaítear aontoilíocht sa Chomhairle tar éis toiliú a fháil ó Pharlaimint na hEorpa.

## II. SCRÚDÚ AR AN RIALACHÁN ATÁ BEARTAITHE

4. Scrúdaigh an Mheitheal um r-Sheirbhísí Dlí (r-sheirbhísí dlí) an togra le linn an dara seimeastar de 2020.

5. Tar éis barúlacha a fháil ó na Ballstáit, rinneadh an téacs a athoibriú le linn 2021 agus 2022. Thángthas ar chomhaontú ginearálta ar leibhéal na Meithle um an r-Cheartas an 15 Feabhra 2023.

6. Rinne dlítheangeolaithe na Comhairle athbhreithniú ar an téacs. Leagtar amach an téacs ar toradh é air sin in 6551/23.

7. Dhearbhaigh an Chomhairle an 4 Aibreán 20223 go raibh comhaontú ginearálta ann maidir le téacs an Rialacháin atá beartaithe agus chinn sí dréacht-téacs an Rialacháin a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa chun toiliú a fháil ó Pharlaimint na hEorpa i gcomhréir le hAirteagal 352.

8. An 22 Samhain 2023, thug Parlaimint na hEorpa a toiliú maidir leis an dréachtrialachán ón gComhairle.

9. Ós rud é go bhfuil nósanna imeachta na parlaiminte náisiúnta curtha i gcrích anois, níl aon fhorchoimeádas eile ann maidir leis an togra.

10. Tiocfaidh an Rialachán i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

## III. CONCLÚID

11. I bhfianaise an mhéid thuas, iarrtar ar Coreper a mholadh don Chomhairle an Rialachán atá beartaithe a ghlacadh, mar a leagtar amach in 6551/23 é.